StudentBounty.com

| ...aid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrth...

| |
|---|
| |

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

January 2009

# Matamaitic

## Modúl N1 Páipéar 2
## (Le hÁireamhán)
## Bonnsraith

**[GMN12]**

**DÉ HAOINE 9 EANÁIR**

**10.30 am – 11.15 am**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|



www.StudentBounty.com

**LEATHANACH BAN**



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 Sa phicteagram thíos taispeántar líon na mbonn a bhain lúthchleasaithe na Sile sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta.

**NA BOINN A BHAIN SIAD**

| | | |
|---|---|---|
| Ór | ○ ○ | 8 |
| Airgead | ○ ○ ○ ◖ | |
| Cré-umha | | 20 |

**(a)** Comhlánaigh an eochair don phicteagram.

Seasann ○ do __________ bonn [1]

**(b)** Cá mhéad bonn airgid a bhain siad?

Freagra _____________ [1]

**(c)** Comhlánaigh an picteagram le líon na mbonn cré-umha a thaispeáint. [1]



www.StudentBounty.com

**2** Is le cipíní solais a rinneadh na cruthanna triantánacha seo thíos.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Comhlánaigh an tábla lena thaispeáint cá mhéad cipín san iomlán a bheadh de dhíth le Cruth 5 a dhéanamh.

| Uimhir an chrutha | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| An líon cipíní | 3 | 7 | 11 | 15 | |

[1]

**(b)** Cén patrún atá le feiceáil sa tsraith 'An líon cipíní' den tábla?

______________________________________________________________

______________________________________________________________[1]

---

**3** Cén t-aonad méadrach ina dtomhaisfí iad seo a leanas

**(a)** an méid leachta ar thaespúnóg,

Freagra ______________ [1]

**(b)** an meáchan i mála taistil lán?

Freagra ______________ [1]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)**



Tá an dronuilleog roinnte ina 12 chuid chothroma.

Scríobh, **san fhoirm is simplí**, an codán den dronuilleog atá **scáthaithe**.

Freagra _____________ [2]

**(b)** Scríobh $\frac{1}{4}$ mar chéatadán.

Freagra ____________% [1]

**(c)** Scríobh 0.75 mar chodán san fhoirm is simplí.

Freagra _____________ [1]

**(d)** $\frac{2}{3} \quad \frac{6}{9} \quad \frac{10}{15} \quad \frac{4}{12} \quad \frac{4}{6} \quad \frac{2}{5}$

Mínigh an fáth a bhfuil $\frac{4}{12}$ agus $\frac{2}{5}$ difriúil leis na codáin eile.

[2]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Tá post páirt-aimseartha an duine ag deich mac léinn ag an deireadh seachtaine. Saothraíonn siad

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| £20 | £33 | £19 | £22 | £31 |
| £36 | £28 | £25 | £27 | £34 |

Ríomh meánmhéid an airgid a shaothraigh na mic léinn.

Freagra £_____________ [3]

---

**6** **(a)** Scríobh an uimhir tríocha a seacht míle caoga a sé ina figiúirí.

Freagra _____________ [1]

**(b)** Ríomh $(3.27)^2$

Freagra _____________ [1]

**(c)** Scríobh an uimhir is mó acu seo thíos.

0.5788 0.572 0.58

Freagra _____________ [1]

**(d)** Scríobh 51.07718 ceart go dtí dhá ionad de dheachúlacha.

Freagra _____________ [1]

**(e)** Scríobh 34.56 ceart go dtí 3 fhigiúr bhunúsacha.

Freagra _____________ [1]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**7** **(a)** Faigh achar an chrutha scáthaithe. Is é 1 cm an fad sleasa sna cearnóga beaga.



Freagra ______________ [3]

**(b)** Faigh toirt an chiúbóidigh thíos.




Freagra ______________ $cm^3$ [2]

**(c)** Is é 300 $cm^3$ an toirt i gciúbóideach eile. Is é 5 cm an leithead. Scríobh na tomhais a d'fhéadfadh a bheith i bhfad agus in airde an chiúbóidigh.

Freagra ___________ cm agus ___________ cm [1]



www.StudentBounty.com

**8** Tá £10 ag Áine le leabhair nótaí a cheannach ar 85p an ceann.

Abair gur cheannaigh sí an líon is mó leabhair nótaí is féidir leis an airgead. Cén briseadh a gheobhadh sí ansin?

Freagra ______________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

---

**9** **(a)**




Rinneadh suirbhé ar 48 duine faoin chineál ceoil is fearr leo.
Taispeánann an phíchairt na torthaí.

**(i)** Cá mhéad duine arb fhearr leo snagcheol?

Freagra ______________ [1]

**(ii)** Cá mhéad duine arb fhearr leo ceol clasaiceach?

Freagra ______________ [2]



www.StudentBounty.com

**(b)** Sa tábla thíos taispeántar meastachán ar an daonra i ngach ceann de chúig thír sa bhliain 2000.

Tarraing píchairt leis an fhaisnéis seo a léiriú.

| **Tír** | **Daonra (ina mhilliúin)** |
|---|---|
| Tuaisceart Éireann | 1.6 |
| An Bhreatain Bheag | 2.7 |
| Éire | 3.9 |
| Albain | 5.0 |
| Sasana | 46.8 |



[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10**




Ón léaráid den chrann cinnidh, ainmnigh an bosca do

**(a)** 22 Freagra Bosca __________

**(b)** 31 Freagra Bosca __________

**(c)** 40 Freagra Bosca _______ [2]

---

**11** Tosaíonn buachaill ar scoil ar 9 am. Críochnaíonn sé ar 3.25 pm.
Bíonn sos 15 nóiméad ann ar maidin agus sos 50 nóiméad ann ag am lóin.
Tá 8 gceacht dar fad **céanna** ann gach lá.
Cá fhad a mhaireann gach ceacht?
**Taispeáin do chuid oibre.**

Freagra _____________ nóiméad [3]



www.StudentBounty.com

**12** Ríomh

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** an ciúb de 6

Freagra _____________ [1]

**(b)** $2^4$

Freagra _____________ [1]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**



www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com